


**Tuarascáil 2006 ar
Ghéilliúntas do Chuid
5 den Acht
Míchumais 2005
maidir le Daoine atá
faoi Mhíchumas a
Fhostú sa tSeirbhís
Phoiblí**



National Disability Authority
Údarás Náisiúnta Míchumais

Cuireann an tÚdarás Náisiúnta Míchumais a chéad tuarascáil de bhun alt 15(6) den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais 1999, mar a leasaíodh ag alt 50(2) den Acht Míchumais 2005, faoi bhráid an Aire Stáit sa Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí le freagracht speisialta maidir le Ceisteanna Míchumais agus Sláinte Intinne, An Dr Jimmy Devins TD.¹

1. Faoi I.R. Uimh. 556 de 2007 [Ordú Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí (Tarmhigean Feidhmeanna Aireachta) (Uimh.2) 2007] tá na dualgais a tugadh don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ag an Acht Míchumais 2005 agus an tAcht um Údarás Náisiúnta Míchumais 1999 tarmhigthe don Aire Devins.

Clár

Réamhrá	6
Beart dearfach gníomhaíochta	6
Coinneáil post	7
Cáilíocht sonraí	8
Oibligeáidí ar chomhlachtaí poiblí	9
Sainmhíniú ar Mhíchumas	10
Formáid tuarascála	11
Feasacht agus comhthoil	14
Comhlachtaí poiblí	15
Tuairisceáin	16
Torthaí	16
Nóta tráchta	17
Samplaí de dhea-chleachtas sa tseirbhís phoiblí	18
Oifigh agus Coistí Sainiúla	19
Straitéisí	21
Cóid Chleachtais	22
Treoirlínte	22
Nascanna le heagraíochtaí míchumais	23
Comhtháthú	23
Cóiríocht, Feasacht agus Rochtain Réasúnta	23
Earcú agus Coinneáil	26

Agusín 1	29
Sprioc Fostaíochta 3% - Sonraí 2006	30
Réamhrá	30
Cuid 1 – Ranna Indibhidiúla Rialtais agus comhlachtaí poiblí	30
Ranna Rialtais	31
Tábla 1.1: Ranna Rialtais – céatadán d’fhostaithe atá faoi mhíchumas	33
Tábla 1.2: Comhlachtaí Poiblí – céatadán d’fhostaithe atá faoi mhíchumas	36
Cuid 2 – Táblaí agus Tráchtairacht Ginearálaithe	67
Comhthéacs	67
Tábla 2.1 – méid eagraíochta	67
Tábla 2.2 – earcú foirne	68
Tábla 2.3 – iomlaoid foirne	68
Tábla 2.4 - baint amach sprioc fostaíochta de 3%	69
Tábla 2.5 - cion na foirne faoi mhíchumas de réir méid eagraíochta	70
Tábla 2.6 – iniúchadh rochtana ar fhoirgnimh de réir cion na foirne faoi mhíchumas	71
Tábla 2.7 - cion na foirne faoi mhíchumas de réir cineál eagraíochta	72
Aguisín 2	73

Réamhrá

Beart dearfach gníomhaíochta

Thug Acht Míchumais 2005 feidhm dlí don chéad uair don pholasáí maidir le cur chun cinn a dhéanamh agus tacaíocht a thabhairt do dhaoine atá faoi mhíchumas a bheith á bhfhostú sa tseirbhís phoiblí. Is comhartha suntasach fearainn é seo do dhaoine atá faoi mhíchumas. Tairgíonn an polasaí seo an deis do dhaoine atá faoi mhíchumas a mbuanna a úsáid i bhfreastal ar an bpobal, agus slite beatha lánbhríocha a bheith acu. Déanann sé soláthar ar an gcreat inar féidir leis an tseirbhís phoiblí, ina fostóir mór, éagsúlacht shochaí na hÉireann a léiriú trína foireann féin, agus tig leis leas a bhaint as an gcuidiú gur féidir le daoine atá faoi mhíchumas a thabhairt.

Cruthaíonn reachtú an pholasáí fostaíochta seo idirghníomhaíocht nua inar féidir le comhlachtaí poiblí a n iarrachtaí um dhaoine atá faoi mhíchumas a fhostú a athbhreithniú agus a mhéadú agus foghlaim ó thaithí dhaoine eile.

Is aidhm do Chuid 5 den Acht Míchumais deimhin a dhéanamh de dheiseanna fostaíochta do dhaoine atá faoi mhíchumas. Éilítear ar Chomhlachtaí Poiblí cur chun cinn a dhéanamh agus tacaíocht a thabhairt d'fhostú daoine atá faoi mhíchumas, agus deimhin a dhéanamh de, mura bhfuil cúis mhaith ann lena mhalairt, gur daoine faoi mhíchumas 3% den bhfoireann a fhostáítear. Maidir le comhlachtaí poiblí agus Coistí Monatóireachta, níl slánú na sprice de 3% ach gné amháin de ghéilliúntas d'fhorálacha Chuid 5 den Acht. Cuimsíonn géilliúntas gach beartas réasúnta a ghlacadh le daoine atá faoi mhíchumas a fhostú a chur chun cinn sa seirbhís phoiblí agus le tacú lena leithéid. Tá ceist ann chomh maith maidir le leanúint ar aghaidh le haon mholtaí a dhéanfadh an NDA sa todhchaí maidir leis an mbealach ina bhféadfadh comhlacht poiblí

feabhas a chur ar ghéilliúntas do Chuid 5 nuair atá siad tite siar dhá bhliain as a chéile.

Fíor obair lánbhríoch a thabhairt do dhaoine atá faoi mhíchumas an tslí is fearr chun an acmhainn a thabhairt dóibh iad féin agus a dteaghlaigh a chothú agus chun taithí agus oiliúint ríthábhachtach a ghnóthú rud a cheadóidh raon de ghairmeacha beatha dóibh. Trí fhorfheidhmiú a dhéanamh ar pholasaithe a chuireann fostaíocht dhaoine atá faoi mhíchumas chun cinn chomh maith le tacú le polasaithe dá leithéid, agus an sprioc fostaíochta de 3% a bhaint amach, tig le gach aon chomhlacht poiblí difríocht a dhéanamh.

Is beart dearfach gníomhaíochta é an sprioc daoine atá faoi mhíchumas a fhostú sa tseirbhís poiblí, beart atá ceaptha chun deiseanna fostaíochta agus gairme beatha a dheimhniú do dhaoine go bhfuil baol níos mó ná an meán ann dóibh a bheith eisiata ó shocháí príomhshrutha na hÉireann. Léirigh daonáireamh 2002 nach raibh post ach ag duine as gach ceathrar faoi mhíchumas a bhí in aois oibre, i gcomparáid le 70% de dhaoine neamh-mhíchumasaithe.

Coinneáil post

Tá níos mó ná earcú daoine atá faoi mhíchumas i gceist maidir leis an spriocuímhír d'fostaithe faoi mhíchumas a bhaint amach, tá coinneáil na foirne sin i gceist chomh maith, agus coinneáil na mball foirne gur bhain míchumas díobh le linn a gcuid fostaíochta. Léiríonn na staitisticí go mbaineann mórán de na laigí den duine i rith a s(h)aol oibre, agus dá fhaid a bhíonn duine as an obair, mar a léiríonn an taighde, is mó an seans nach bhfillfidh duine ar an obair. Tá ról tábhachtach ag straitéisí gníomhacha um choinneáil post agus um fhilleadh ar an obair.

Tá an bhunfhreagracht maidir le monatóireacht agus spreagadh ar ghéilleadh do Chuid 5 an Achta ar choistí monatóireachta i ngach ceann de na Ranna Rialtais, a thuiriscíonn ar na comhlachtaí poiblí

faoi choimirce a nAire féin agus go dtí an NDA. Tuairiscíonn Ranna Rialtais agus comhlachtaí gur státseirbhísigh an fhoireann atá acu chuig Coiste Monatóireachta an Roinn Airgeadais agus an tAire Airgeadais. Seachas sin, tuairiscíonn comhlachtaí poiblí go dtí an gcoiste monatóireachta agus an tAire ina máthair-Roinn.

Is éard atá sa tuarascáil seo ná achoimre ar fhaisnéis a fuarthas ós na Coistí Monatóireachta Rannacha, ceisteanna a bhaineann le sonraí a bheith á gcomhordú d'fhonn bunachar sonraí níos cruinne agus níos cuimsithí a fhorbairt don todhchaí agus tugann sí léiriú ar chleachtas maith sa tseirbhís phoiblí maidir le cur chun cinn a dhéanamh agus tacaíocht a thabhairt do dhaoine atá faoi mhíchumas a bheith á bhfostú.

Soláthraíonn an tAcht Míchumais sainmhíniú difriúil agus níos teoranta ar mhíchumas ná mar a úsáideadh roimhe seo maidir leis an sprioc neamhrechtúil roimhe seo do dhaoine faoi mhíchumas a bheith á bhfostú san éarnáil phoiblí.

Cáilíocht sonraí

Is é seo an chéad bhliain don chóras nua monatóireachta agus tuarascála a bheith i mbun feidhme, agus tasc dúshlánach a bhí ann ag iarraidh modhanna cruinne agus cuí a fhorbairt chun sonraí a ghabháil ar líon na ndaoine atá faoi mhíchumas atá fostaithe i gcomhlachtaí éagsúla. Mar gheall ar dheacracht agus chastacht an taisc, d'fhéadfadh nach dtabharfadh cuid de na sonraí atá sonraithe sa tuarascáil seo faoi deara na hiarrachtaí agus na gnóthachtana bunúsacha a rinne cuid de na comhlachtaí ábhartha poiblí. Mar shampla, bhain gach Roinn Rialtais agus mórán comhlachtaí eile poiblí leas as suirbhé chun a fháil amach cé mhéid agus cén sciar foirne faoi mhíchumas a bhí fostaithe. Is féidir go raibh nochtadh ina fhadhb chomh maith. Nuair a feidhmíodh suirbhéanna saorálacha bhí na tuairisceáin ag brath ar dhaoine indibhidiúla ag féin-nochtadh míchumais agus go raibh na nochtaithe sin ag teacht le léirmhíniú

teoranta míchumais an Achta. Tríd is tríd, ní raibh rátaí freagartha an tsuirbhé go hiomlán comhlíonta agus dá bhrí sin bhí sé deacair a dhéanamh amach go cruinn ar ghéill roinnt áirithe de na comhlachtaí ábhartha poiblí dá sprioc fostaíochta.

Le himeacht ama, nuair a chuirfear modhanna níos láidre um bailiú sonraí i bhfeidhm, beifear ábalta monatóireacht níos cruinne a dhéanamh ar an bhfíorsciar foirne faoi mhíchumas atá fostaíthe.

Toisc gur úsáideadh sainmhíniú difriúil ar mhíchumas, agus i mórán cásanna modh difriúil bailithe sonraí chomh maith, ní féidir comparáid a dhéanamh idir thorthaí na tuarascála seo agus figiúirí na mblianta roimhe sin i leith comhlachtaí indibhidiúla poiblí. Tá sé deacair comparáid bhailí a dhéanamh idir thorthaí na gcomhlachtaí poiblí de dheasca na modhanna éagsúla inar bhailigh siad na sonraí.

Oibligeáidí ar chomhlachtaí poiblí

Tá ar chomhlachtaí poiblí:

- Nuair is indéanta, gach beartas réasúnta a ghlacadh le daoine atá faoi mhíchumas a fhostú a chur chun cinn agus a thacú,
- Deimhin a dhéanamh de, mura bhfuil cúis mhaith lena mhalairt, gur daoine faoi mhíchumas ar a laghad 3% den bhfoireann a fhostáítear,
- Tuairisciú ar bhonn bliantúil go dtí an gCoiste Monatóireachta agus go hAire a máthair-Roinn maidir le líon na ndaoine faoi mhíchumas atá fostaíthe acu agus na beartais atá á nglacadh acu le daoine atá faoi mhíchumas a fhostú.

Sainmhíniú ar Mhíchumas

Leagann an tAcht Míchumais sainmhíniú nua síos chun críche sainithe cé ba cheart a chuimsiú sa sprioc. Seo é an sainmhíniú sin ar mhíchumas:

Srianadh suntasach in acmhainneacht an duine i leith gairm, gnó nó post a chomhlíonadh sa Stát nó a bheith rannpháirteach i saol sóisialta nó cultúrtha sa Stát de dheasca a bheith ag fulaingt ó laige fhisiciúil, chéadfach, shláinte mheabhrach nó intleachta.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil difríocht shuntasach idir an sainmhíniú seo agus sainmhínte a fhéadfadh a bheith á n-úsáid roimhe sin do chúraimí monatóireachta sprice mar a úsáideadh i gCód Cleachtais na Státseirbhíse 1994 i leith Daoine faoi Mhíchumas a bheith á bhFostú. Go háirithe, i dtéarmaí an tsainmhínte san Acht Míchumais, caithfidh laige shuntasach agus laige a chuireann srian ar rannpháirtíocht araon a bheith ag duine. Caithfear an sainmhíniú seo a úsáid i leith monatóireacht na sprice ón mbliain 2006 ar aghaidh.

Dearadh an sainmhíniú cuíosach teoranta atá san Acht Míchumais 2005 d'aon toisc chun acmhainní agus beartais dhearfacha a dhíriú ar na réimsí is mó gá. I dtéarmaí na sprice fostaíochta de 3%, is dócha go mbeidh sé níos deacra an sprioc sin a bhaint amach ná mar a bheadh leis an sainmhíniú a bhí ann go dtí seo. Leis an sainmhíniú níos teoranta atá á úsáid anois, b'fhéidir go gcaithfeadh comhlachtaí poiblí iarrachtaí breise a dhéanamh chun foirne faoi mhíchumas a fhostú agus a choinneáil d'fhonn an sprioc a bhaint amach.

Tá tionchar ag úsáid an tsainmhíthe difriúil míchumais i gcomparáid leis an sainmhíniú a úsáidtear chun stádas míchumais a thaifeadh do chúraimí na sprice neamhrechtúil roimhe seo ar an bpróiseas monatóireachta agus tuairiscithe. Beidh tréimhse choigeartaithe ann sula mbeidh córais um choinneáil taifead ag comhlachtaí poiblí coigeartaithe go hiomlán lena bheith comhoiriúnach leis an sainmhíniú nua. Idir an dá linn, is féidir nach ionann na torthaí a fuarthas i leith 2006 agus taifead cruinn d'fíorlíon na foirne faoi mhíchumas atá fostaithe, i gcás na dtorthaí a bheith bunaithe ar thaifid AD (Acmhainní Daonna) nach raibh go hiomlán comhoiriúnach leis an sainmhíniú nua, nó nuair a bhíodar bunaithe ar fhreagraí neamhiomlána i suirbhé foirne.

Tá tuairiscithe ag Coistí Monatóireachta ar chásanna nuair nár ionannaigh daoine le laigí iad féin a bheith faoi mhíchumas faoi bhrí an tsainmhíthe san Acht Míchumais, mar shampla i gcásanna nár bhraith daoine go raibh srian orthu ina saol oibre toisc go raibh ar a gcumas na dualgais a leagadh orthu a chomhlíonadh. Trí chóiríocht réasúnta a bheith á sholáthar ag fostóirí is féidir nach mbraithfeadh fostaithe a thuilleadh go bhfuil srian suntasach orthu i leith na fostaíochta.

Formáid tuarascála

Faoi alt 48 den Acht Míchumais, is féidir leis an NDA, le comhthoil an Aire iomchuí, formáid na tuarascála atá le húsáid a shainiú. Cuireadh ar gach comhlacht poiblí faisnéis a sholáthar i bhformáid ar leith, ina mbeadh ráiteas inste agus tábla sonraí. Mar an gcéanna, bhí ar gach Coiste Monatóireachta ráiteas inste a chur ar fáil chomh maith le tábla cumaisc sonraí do gach comhlacht poiblí faoina gcoimirce.

Níl sé de chumhacht ag an NDA faoin Acht sonrú a dhéanamh ar conas atá na sonraí chun monatóireacht a dhéanamh ar bhaint amach na sprice fostaíochta a bhailiú. Ar a shon sin, chuir an NDA comhairle, bunaithe ar thuarascáil ó chomhairligh, ar chomhlachtaí poiblí, ar dhá rogha do bhailiú sonraí sa chéad bhliain den chóras nua:

- Ullmhaíodh agus dáileadh suirbhé den fhoireann iomlán - suirbhé ‘Cuir Mise san Áireamh’, ag tabhairt sonraí ar an sainmhíniú ar mhíchumas faoin Acht Míchumais,
- Ag athfhilleadh ar shonraí atá ann ar stádas míchumais fostaithe i dtaifid Acmhainní Daonna (AD) i bhfianaise an tsainmhínithe nua dlíthiúil ar mhíchumas, agus ag déanamh teagmhála leis an bhfoireann le comhthoilíú a bhunú do na sonraí a úsáidí.

D’ullmhaigh an NDA doiciméad de Cheisteanna Coitianta ag díriú ar an sainmhíniú athraithe ar mhíchumas.

D’úsáid gach Roinn Rialtais an suirbhé, faoi mar a rinne roinnt comhlachtaí eile poiblí. Cé gur bhain roinnt de na comhlachtaí beaga poiblí ráta freagartha 100% amach don suirbhé, agus gur féidir glacadh leis go bhfuil a gcuid figiúirí iontaofa, bhí an ráta foriomlán freagartha don suirbhé neamhiomlán den chuid is mó. Tugann na táblaí in Aguisín I na rátaí freagartha don suirbhé (nuair a bhí siad ar fáil), cionmhaireacht na foirne faoi mhíchumas ina measc sin a d’fhreagair an suirbhé, agus an chionmhaireacht den fhoireann iomlán fostaithe a bhí i gceist leo. Ní féidir a bhaint as an suirbhé go bhfuil sé ionadaíoch ar an bhfoireann go léir mar níl aon eolas ar fáil a thabharfadh bailíocht dá leithéid de chur chuige. B’fhéidir nach dtabharfadh léiriú ar fhreagróirí an tsuirbhé mar chéatadán den fhoireann iomlán pictiúr cruinn, agus gur chóir go bhféachfaí air mar íosfhiúir den líon atá faoi mhíchumas atá fostaithe.

Bhí trí cheist sa suirbhé ‘Cuir Mise san Áireamh’ a ceapadh lena fháil amach an raibh an duine faoi bhrí an léirmhínte san Achta Míchumais. Bhí Ceist 1 ceaptha lena fháil amach an raibh siad faoi mhíchumas (i.e. laige); D'iarr Ceist 2 eolas ar nádúr na laige sin (fisiciúil, céadfach, sláinte mheabhrach, míchumas intleachta); agus bhí Ceist 3 ceaptha lena fháil amach an raibh an duine, trí laige, srianta go substaintiúil ó thaobh oibre, saol sóisialta nó cultúrtha de dheasca na laige sin, agus ar an mbealach sin faoi bhrí an léirmhínte ar mhíchumas mar atá leagtha amach san Acht Míchumais.

Ní féidir glacadh ach leo sin a d'fhreagair “Tá” don cheist “srianta go substaintiúil” (Ceist 3) mar dhaoine a bhí faoi bhrí an léirmhínte san Acht Míchumais. Ar a shon sin, chuir an áirithe sin comhlacht poiblí in iúl don NDA gur chuimsigh a gcuid tuairisceán mar “míchumasaithe” cuid den bhfoireann a d'fhreagair “Tá” ar Cheist 1, amháin. D'iarr an NDA figiúir leasaithe, trí na Coistí Monatóireachta, d'fhonn teacht le léirmhíniú an Achta Míchumais agus úsáideadh na figiúir leasaithe sin, nuair ab ann dóibh, sa tuarascáil sin. Ina theannta, tá an NDA ag obair le comhlachtaí poiblí ar uirlisí nua bailithe sonraí le deimhin a dhéanamh de go seachnófar mearbhall den chineál seo feasta i dtuairisciú ar shonraí an 3%.

Nuair a úsáideadh taifid AD nó eile chun na figiúirí a chur le chéile, ní bhfuair an NDA aon eolas ar cháilíocht ná ar bhailíocht na dtuairisceán seo maidir leis an sainmhíniú nua ar mhíchumas.

Feasacht agus comhthoil

Dhéanfaí rangú ar eolas maidir le stádas míchumais mar “eolas íogair pearsanta” i dtéarmaí na nAchtanna um Chosaint Sonraí. Leag staidéir a déanadh roimhe seo béim ar gurbh é an cleachtas a bhí go minic ann ná go ndéanfaí taifead ar fhostuithe sa tseirbhís phoiblí mar dhaoine a bhí faoi mhíchumas ach gan iad a bheith feasach faoi seo. Fiafraíodh san uirlis tuarascála NDA an raibh an fhoireann feasach go rabhthas á n-áireamh mar dhaoine a bhí faoi mhíchumas. De na comhlachtaí poiblí a raibh foireann faoi mhíchumas fostaithe acu, thuirisc 41% acu nach raibh siad feasach go rabhthas á gcomhaireamh don chleachtadh. Ní mar a chéile feasacht agus comhthoil – is féidir go mbeadh comhthoil foirne ar a míchumas a nochtadh ann cheana féin, mar shampla má earcaíodh iad trí chomórtas ar leith.

Chomhairleodh an NDA don Aire go n-éilíonn prionsabail chosanta sonraí go ngnóthódh comhlachtaí poiblí a gcuid faisnéise go cóir. Is í an chomhairle dlí a fuair an NDA ná go bhfuil ar chomhlachtaí poiblí an fhoireann a chur ar an eolas nuair atáthar ag bailiú eolais íogair pearsanta maidir leis an úsáid a bhainfí as na sonraí sin, chomh maith lena n-úsáid mar shonraí staitisticiúla anaithnide, d’fhonn tuairisciú ar sprioc reachtúil.

D’ardaigh roinnt Coistí Monatóireachta ceist na comhthola i mbailiú sonraí mar fhachtóir in ísealtuaisceáin ó chomhlachtaí áirithe, agus leisce ar an fhoireann uaireanta a nochtadh go raibh siad faoi mhíchumas. Tugann taighde idirnáisiúnta le fios go mbíonn leisce ar leith ar dhaoine míchumas sláinte mheabhrach a nochtadh. De réir ‘Suirbhé ar Dhearcadh i leith Míchumais’ an NDA 2006, is é is dóichí go mbeidh dearcadh diúltach ag daoine eile sa phobal ar

dhaoine atá faoi mhíchumas sláinte mheabhrach. Is féidir mar sin go léireodh leisce míchumas a nochtadh sa láthair oibre fíoreagla a bheith ar dhaoine dearcadh nó torthaí diúltacha a fhulaingt. B'fhéidir go mbeidh sé ina réamhchoinníoll go gcothófaí muinín as tacaíocht san ionad oibre d'fonn go bhfaighfí sonraí a bheadh níos cruinne ar leitheadúlacht an mhíchumais in eagraíocht.

Comhlachtaí poiblí

Déanadh an sainmhíniú ar chomhlacht poiblí a úsáideadh in alt 46 a dhearadh chun an oiread comhlachtaí poiblí agus ab fhéidir é a thiomsú lasmuigh de na Fórsaí Cosanta, An Garda Síochána agus oifigigh phríosúin.

Fuair an NDA 217 tacar sonraí don seirbhís sibhialta agus poiblí. I roinnt cásanna, déantar comhchuisiú ar thuairisceáin do chomhlachtaí poiblí ar státseirbhísigh a bhfoireann sna tuairisceáin dá máthair-Ranna. Níl aon fhoireann ag roinnt comhlachtaí poiblí, agus bíonn foireann a sholáthraíonn máthair-chomhlacht ag cinn eile. Mar shampla, áirítear foireann Chomhairlí Baile lena máthair Chomhairle Contae.

Fuair Coiste Monatóireachta an Roinn Oideachais agus Eolaíochta comhairle dlí nach sásaíonn roinnt comhlachtaí poiblí gach ceann de thrí eilimintí an tsainmhíneithe ar chomhlacht poiblí a bhaineann le Cuid 5 (ollscoileanna, Coistí Gairmoideachais agus Coláistí Oideachais); tá sé i gceist acu tuairisciú a dhéanamh orthu seo lasmuigh den phróiseas reachtúil.

Tuairisceáin

Tá tuairisc tugtha ag gach Coiste Monatóireachta a bunaíodh faoi alt 48 den Acht don NDA. D'úsáid na Coistí seo an sainfhormáid a mhol an NDA agus ar aontaigh gach Aire léi. Ráiteas inste agus tuairisceán staitisticiúil atá sna tuarascálacha. Níor tugadh tosaíocht shoiléir d'úsáid ceachtar de na modhanna a mhol an NDA, i.e. scrúdú ar thaifid AD nó leithdháileadh ar an gceistneoir suirbhé 'Cuir mise san Áireamh'.

Torthaí

Faoi mar atá pléite, ní féidir leis an NDA a bheith muiníneach, sa chéad bhliain seo de thuairisciú, go bhfuil na sonraí go léir a fuarthas go hiomlán iontaofa. Ar bhonn anailíse an NDA ar na sonraí a fuarthas, bhain íosmhéid de 36% de chomhlachtaí poiblí an sprioc fostaíochta de 3% amach. Tá roinnt cúiseanna curtha ar aghaidh ag Coistí Monatóireachta maidir le cén fáth nach raibh comhlachtaí poiblí in ann an sprioc de 3% a bhaint amach in 2006, agus tá cúiseanna den chineál céanna curtha ar aghaidh ag na Coistí éagsúla Monatóireachta maidir le gan an sprioc a bhaint amach:

- An srian ar uimhreacha na hearnála poiblí,
- Tá díormaí beaga foirne ag sciar mór de na comhlachtaí poiblí agus dá bhrí sin tá teorainn leis na deiseanna le duine atá faoi mhíchumas a fhostú,
- Tá sainchúram an-speisialaithe ag roinnt comhlachtaí poiblí, mar a mbíonn poist speisialtóireachta agus teicniúla a chuireann teorainn leis an méid duine is féidir leo a fhostú.

Tá deacracht ann iarrthóirí a aimsiú lena leithéid de scileanna agus de cháilíochtaí,

- Bíonn roinnt comhlachtaí poiblí i mbun oibre a cheaptar a bheith criciúil ó thaobh sábháilteachta mar a mbíonn gá le leibhéil áirithe corpacmhainne, deaslámhachta, dírithe, etc. Aithnítear go ginearálta go bhfuil líon íseal de dhaoine atá faoi mhíchumas fostaithe sna réimsí seo,
- Is eochairthoisic é rochtain i méadú ar dheiseanna fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas. In a lán cásanna, ní leis na comhlachtaí an foirgneamh ina bhfuil siad suite. Cuireann seo teorainn lena gcumas athruithe a dhéanamh chun timpeallacht dhearfach a chruthú do dhaoine atá faoi mhíchumas.

Nóta tráchta

Cé nach ndearna 8% de na comhlachtaí poiblí earcaíocht in 2006, rinne comhlachtaí poiblí earcú ar níos mó ná 10,000 duine in 2006, agus bhí 2,266 folúntas breise ann ag deireadh na bliana. Tríd an tseirbhís phoiblí, tá athraithe suntasacha bliantúla ann, a cruthaíonn féidearthachtaí foireann atá faoi mhíchumas a earcú nuair a bhíonn iarrthóirí leis na cáilíochtaí cuí ar fáil. Tugann an NDA faoi deara an cinneadh comórtas earcaíochta a thionól d'Oifigeach Feidhmiúcháin sa státseirbhís in 2007, teoranta d'iarrthóirí faoi mhíchumas.

Cruthaíonn an tionscadal 'Toilteanach Inniúil Monatóireachta' arna maoiniú ag EQUAL, a sholáthraíonn taithí oibre sa tseirbhís phoiblí do chéimithe atá faoi mhíchumas, samhail chun daoine atá faoi mhíchumas le scileanna atá de dhíth ar an margadh nua-aimseartha fostaíochta a aithint agus le tacaíocht a thabhairt dóibh.

Tá deichniúr nó níos lú fostaithe i 10% de na comhlachtaí poiblí, agus tá níos lú ná 50 duine fostaithe i gceathrú díobh. Aithníonn an NDA na deacreachtaí atá ann d'eagraíochtaí beaga a dteastaíonn

uathu foireann atá faoi mhíchumas a fhostú. B'fhéidir go bhfuil bealaí níos samhlaíocha ann inar féidir tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí beaga daoine atá faoi mhíchumas a fhostú, mar shampla trí thaithí oibre a úsáid.

Arís, admhaíonn an NDA go mb'fhéidir go bhfágfadh ceisteanna sláinte agus sábháilteachta nach mbeadh daoine faoi mhíchumais áirithe oiriúnach do chineálacha áirithe jabanna. Ní grúpa aonchineálach iad daoine atá faoi mhíchumas, áfach, agus is féidir go bhfuil tascanna i réimsí atá criticiúil ó thaobh sábháilteachta de a mbeadh daoine atá faoi mhíchumais áirithe inniúil ar a gcomhlíonadh. Tá réimsí oibre i bhformhór na n-eagraíochtaí ar cheist fhánach í an tsábháilteacht, in airgeadas mar shampla, nó in obair chléireachais.

Samplaí de dhea-chleachtas sa tseirbhís phoiblí

Iarradh ar na Coistí Monatóireachta samplaí a sholáthar de dhea-chleachtas ina Roinn agus/nó i gcomhlachtaí poiblí atá faoina gcúram.

Tá teist suntasach go dtí seo ag a lán eagraíochtaí san earnáil phoiblí i gcur fostaíochta chun cinn do dhaoine atá faoi mhíchumas, ag cabhrú le coimeád jabanna agus ag cothú timpeallachta oibre atá dearfach do dhaoine atá faoi mhíchumas. Tá na samplaí a luaitear sa chéad tuarascáil seo faoi Chuid 5 den Acht Míchumais teoranta dóibh sin ar thug Coistí Monatóireachta tuairisc sonracha orthu don

NDA, ach tá roinnt eagraíochtaí eile ar fud na hearnála poiblí a léiríonn fíorchearnaireacht agus tiomantas maidir le daoine atá faoi mhíchumas a fhostú.

Tá Dámhachtainí Inniúlachta O₂ buaite ag a lán comhlachtaí poiblí. Ceiliúrann na dámhachtainí eagraíochtaí agus a gceannairí gnó a n-éiríonn leo oibriú le daoine atá faoi mhíchumas, ag tabhairt luaíochta d'fheabhas proifisiúnta sa réimse seo de bhainistiú daoine. Tá liosta de chomhlachtaí poiblí ar éirigh leo leagtha amach in Aguisín 2.

I Meitheamh 2007, d'eagraigh an NDA seimineár Dea-Chleachtas do chomhlachtaí poiblí a chuir roinnt samplaí de thionscnaimh dea-chleachtas i láthair le cur ar chumas chomhlachtaí eile poiblí foghlaim ón taithí sin. Leanfaidh an NDA ag leithdháileadh dea-chleachtas d'fhonn spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do chomhlachtaí poiblí i bhfostú daoine atá faoi mhíchumas.

Tá a lán bealaí praiticiúla agus éifeachtacha le deiseanna a chur ar fáil do dhaoine atá faoi mhíchumas agus chun na daoine sin ar bhain míchumas díobh le linn a saoil oibre a choimeád. Seo a leanas samplaí de dhea-chleachtas a cuireadh i bhfeidhm tríd an tseirbhís poiblí.

Oifigigh agus Coistí Sainiúla

Tríd an tseirbhís poiblí, fostaíonn a lán eagraíochtaí Oifigigh Míchumais/Comhionannais, nó sa státseirbhís, Oifigigh Teagmhála Míchumais, a n-áirítear tacaíocht don fhoireann faoi mhíchumas ina ról. In éineacht lena gcuid oibre laistigh dá n-eagraíochtaí, cuireann na hoifigigh seo roinnt ar eolas agus ar dhea-chleachtas chun cinn go gníomhach trína ngréasáin fhoirmeálta. Ina theannta sin, tá coistí nó comhairlí ar leith ag roinnt comhlachtaí poiblí a thugann aghaidh ar cheisteanna míchumais agus comhionannais. Is iad seo roinnt de na hoifigigh agus de na grúpaí a tuairiscíodh don NDA:

Tá Grúpa Oibre Náisiúnta Comhdheiseanna ag an nGníomhaireacht um Fhostóirí-FSS.

Tá Comhchomhairle ar leith Comhionannais ag BSL a bhfuil mór-ról comhairleach aige i BSL ar gach ceist a bhaineann le comhionannas. Tá ballraíocht ag Ionadaí Míchumais ar an gComhchomhairle Comhionannais seo.

Tá Oifigeach Comhairleach Míchumais lánaimseartha sa Roinn Airgeadais a ceapadh in 2005 chun tathag saineolais a thógáil arbh fhéidir le Ranna Rialtais agus daoine indibhidiúla tarraingt air agus chun saineolas agus tacaíocht a sholáthar i réimsí éagsúla.

Tá Oifigeach Comhionannais/Oifigeach Teagmhála Míchumais lánaimseartha ag Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath chomh maith le hOifigeach Rochtana agus Coiste Comhionannais agus Ilchineálachta. Is ann do Sheirbhís Tacaíochta Foirne lánaimseartha ag tairiscint seirbhíse cuimsithí faisnéise agus comhairleoireachta don fhoireann agus dá dteaghlach.

Tá Oifigeach Rochtana lánaimseartha ag Údaráis Áitiúla Chill Dara chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann le rochtain fhisiciúil agus chun monatóireacht a dhéanamh ar sholáthar rochtana. Tá Oifigeach Comhionannais i mbun Foirne Gníomhaíochta Comhionannais idir-rannach. Tá foireann idir-rannach CRSC (chun Cearta Rochtana a Sholáthar do Chách) bunaithe freisin ag Cill Dara i gcomhar le tionscadal CLRC (Ag Cruathú Lóistín Réasúnta sa Chabhán) Údaráis Áitiúil an Chabháin.

Tapaíonn an Roinn Gnóthaí Eachtracha deiseanna leis an fhoireann a chur ar an eolas maidir leis an Oifigeach Teagmhála Míchumais (OTM) agus na seirbhísí atá ar fáil d'oifigh atá faoi mhíchumas. Is rannpháirtí gníomhach é an OTM freisin i nGréasán OTM na Státseirbhíse.

Straitéisí

Tá Straitéis agus Plean Gníomhaíochta d'Fhostaíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas sa tSeirbhís Sláinte críochnaithe le déanaí ag Gníomhaireacht um Fhostóirí-FSS. Is aidhm don straitéis cabhrú le fhostóirí seirbhíse sláinte a ndualgais faoin Acht um Chomhionannas Fostaíochta 1998 agus 2004 agus Acht Míchumais 2005 a chomhlíonadh d'fhonn rochtain iomlán agus cothrom ar dheiseanna fostaíochta a sholáthar do dhaoine atá faoi mhíchumas agus a chinntiú go gcoimeádtar daoine atá faoi mhíchumas i bhfostaíocht (chomh maith le fostaithe ar bhain míchumas díobh le linn a saol oibre). Tá roinnt cuspóirí agus gníomhaíochtaí comhfhreagracha sa phlean gníomhaíochta. Ar na cuspóirí seo tá:

- A chinntiú go mbíonn rochtain chothrom ag daoine atá faoi mhíchumas ar dheiseanna fostaíochta,
- Feabhas a chur ar dhaoine atá faoi mhíchumas a choimeád laistigh den tseirbhís sláinte,
- Oideachas a chur ar bhainisteoirí líne maidir lena ról i gcur comhdheiseanna chun cinn agus i bhfreastal ar ilchineálacht.

Tá an Straitéis agus an Plean Gníomhaíochta á gcur i bhfeidhm faoi láthair ar fud na seirbhíse sláinte.

Tá sé ar intinn ag Teagasc a ndoicimeád cuimsitheach Polasaí Míchumas a sheoladh dá bhfoireann go léir roimh dheireadh 2007. Tá sé ar intinn acu suirbhé cáilíochtúil agus cainníochtúil a dhéanamh ar mhíchumas trí mhí tar éis dóibh an polasaí a sheoladh. Ní hamháin go mbeidh sé mar chuspóir aige seo a shocrú cad é líon na foirne atá faoi mhíchumas anois, ach níos tábhachtaí fós, a dhéanamh amach cad é dearcadh na bhfostaithe ar chur chuige Teagasc maidir le daoine atá faoi mhíchumas.

Cóid Chleachtais

Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an Roinn Airgeadais faoi láthair ar a Cód Cleachtais d'Fhostú Dhaoine atá faoi Mhíchumas sa Státseribhís 1994. Tá an foilseachán seo dírithe ar gach Roinn agus gníomhaireacht Rialtais nuair is státseirbhísigh iad an fhoireann. Áirítear ann polasaí ar earcaíocht, fáiltiú agus comhtháthú san ionad oibre, forbairt ghairmréime, cóiríocht agus trealamh, sábháilteacht agus gnásanna aslonnaithe.

Ar na polasaithe atá sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí faoi láthair, tá Cód Cleachtais ar dhaoine atá faoi mhíchumas a earcú; Cairt ar Dhínit san Ionad Oibre agus Polasaí Comhionannais agus Ilchineálachta.

Tá Cód Cleachtais curtha ar fáil ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le físeán traenála faoi mhíchumas san ionad oibre.

Tá Cód Cleachtais i bhfeidhm ag Údaráis Áitiúla Chill Dara d'fhostú daoine atá faoi mhíchumas. Déanfar athbhreithniú air seo mar chuid de chlár oibre 2007 na Foirne Gníomhaíochta Comhionannais.

Treoirínite

Tá forbairt déanta ag an nGrúpa Oibre Náisiúnta um Chomhdheiseanna faoi choimirce FSS-Gníomhaireacht um Fhostóirí ar 'Threoirínite d'Fhostú Daoine atá faoi Mhíchumas'. Is aidhm do na Treoirínite cabhrú le AD agus le bainisteoirí líne a ndualgais, faoi mar atá leagtha amach san Acht um Chomhionannas Fostaíochta 1998 agus 2004, a thuiscint agus cabhrú leo comhdheiseanna a chur chun cinn san ionad oibre. Clúdaíonn an doiciméad na gnéithe suntasacha a bhaineann le hearcú agus roghnú, ionduchtú agus promhadh agus traenáil agus forbairt ghairmréime chomh maith le soiléiriú a sholáthar ar cad is brí le cóiríocht réasúnta.

Déanadh suirbhé míchumais ar fhoireann iomlán na gCoimisinéirí loncaim i Márta 2006. Ar na céimeanna a glacadh mar thoradh air seo, bhí cur le chéile Treoirlínte Feasachta Míchumais a dháilfear ar an bhfoireann iomlán.

Nascanna le heagraíochtaí míchumais

Oibríonn Údarás Áitiúla Chill Dara le KARE (grúpa míchumais atá bunaithe i gCill Dara) chun deiseanna fostaíochta a sholáthar.

Oibríonn Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas go dlúth le gníomhaireachtaí reachtúla agus deonacha chun socrúcháin um thaithí oibre a éascú .

Comhtháthú

I gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, buaileann na hearcaigh nua uile leis an Oifigeach Comhionannais sula a dtéann siad i mbun dualgais. Cuireann an tOifigeach Comhionannais clár 12-mí ar siúl lena chinntiú go n-éiríonn le comhtháthú agus sóisialú an bhaill den fhoireann sa láthair oibre.

Cóiríocht, Feasacht agus Rochtain Réasúnta

Tá cineálacha éagsúla cóiríochta réasúnta á gcur chun cinn ag an Roinn Airgeadais. Is cineál cóiríochta réasúnta é postroinnt a cheadaíonn do dhuine oibriú ar feadh líon seasta laethanta/uaireanta i rith na seachtaine. Tá pá agus teidlíochtí ar bhonn pro rata. Is cineál eile cóiríochta réasúnta é teilea-oibriú a cheadaíonn do dhuine oibriú sa bhaile i rith na seachtaine go léir nó cuid di. Coinníonn an fostaí láithreach san oifig go leictreonach trí ríomhaire, teileafón, facs agus r-phost. Tá pleananna r-oibre á bhforbairt ag Ranna agus Oifigí Rialtais, agus cuirfear i bhfeidhm iad don fhoireann ar bhonn piolótach áit ina gceaptar r-obair a bheith iomchuí.

Tá clár feasachta traenála Míchumais agus Comhionannais ceaptha ag na Coimisinéirí Ioncaim a bhfuiltear ar tí é a sholáthar don fhoireann.

Sa Roinn Gnóthaí Eachtracha, soláthraítear clár feasachta míchumais ar bhonn rialta. Tá sé ar fáil don fhoireann ar fad agus áirítear orthu sin a fhreastlaíonn air bainisteoirí líne, foireann a oibríonn le hais a gcomhghleacaithe atá faoi mhíchumas, comhghleacaithe atá faoi mhíchumas agus baill de bhoird agallaimh. Ar shamplaí de stáisiúin oibre ar ghlac Gnóthaí Eachtracha leo tá na cinn a bhaineann le daoine a úsáideann cathaoir rotha, oifigigh a mbíonn scáileán réidh uathu, soláthar speaclaí d'úsáid ATF, soláthar bogearraí ar a n-áirítear téacs JAWS go clobhogearraí do lucht lagamhairc, clostéacs Dragon Naturally Speaking go gnáth-théacs, trealamh trascribhinne Ríomhaire Glúine, trealamh cabhraíochta Braille, sásanna láimhe teileafóin agus téacsfóin mionathruithe. Déanann Oifig na nOibreacha Poiblí obair thar ceann na Roinne le hinrochtaineacht ar na hoifigí a fháil amach agus athruithe a dhéanamh dá réir. Tá socruithe déanta ag an Roinn freisin le conraitheoirí príobháideacha d'iniúchtaí inrochtaineachta maidir le foirgnimh agus stáisiúin áirithe mar fhreagra ar riachtanais chomhghleacaithe atá faoi mhíchumas.

Soláthraítear traenáil Teanga Chomharthaíochta d'fhoireann Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath d'fhonn cumarsáid a dhéanamh le comhghleacaithe agus custaiméirí. Tá Córas Foláirimh do Bhodhráin curtha isteach le córas neamhspleách foláirimh a chinntiú don fhoireann agus do chustaiméirí go háirithe don ghá atá le Druileanna aslonnaithe tine/tine i gcás éigeandála.

Tá traenáil Feasachta Míchumais, ag áireamh traenála Teanga Chomharthaíochta, ar siúl go leanúnach, in Údarás Áitiúla Chiarraí. Déantar traenáil go himmheánach ar fhoirne iniúchta rochtana agus tá na sceidil oibre gníomhaíochta leasúcháin a bhíonn ann mar thoradh orthu ina mbonn leis an bPlean Forfheidhmiúcháin.

Clúdaíonn seo rochtain fhisiciúil ar na timpeallachtaí tógtha agus seachtracha agus rochtain ar sheirbhísí. Ní hamháin go dtugann an Plean Forfheidhmiúcháin sonraí ar a bhfuil ar siúl ag na húdaráis chun feabhas a chur ar rochtain ach tá tiomnú ann leanúint lena bhfuil déanta go dtí seo.

Cuirtear inrochtaineacht uilíoch chun cinn in Údaráis Áitiúla Mhuigh Eo agus tá traenáil Feasachta Míchumais curtha ar fáil don fhoireann go léir.

Tá Comhairle Cathrach na Gaillmhe ag déanamh cinnireachta ar Ghrúpa Oibre de Bhord Forbartha Chathair na Gaillmhe, a bunaíodh chun rochtain níos fearr a chur chun cinn ar thraenáil agus ar fhostaíocht do dhaoine atá faoi mhíchumas. Tionóladh seimineáir do dhaoine atá faoi mhíchumas agus d'fhostóirí. Tá an chomhairle tiomanta na tionscnaimh agus na céimeanna deachleachtais a d'aithin an grúpa a chur i bhfeidhm.

Leanann Údaráis Áitiúla Chill Dara le traenáil feasachta míchumais a chur ar fáil. Tá traenáil curtha ar os cionn 100 den fhoireann go dtí seo. Soláthraítear trealamh speisialtóireachta ríomhaireachta freisin, nuair is gá, chun cabhrú le baill den fhoireann atá faoi mhíchumas. Seiceáiltear gach seomra agallaimh ó thaobh inrochtaineachta de. Soláthraítear ateangairí Teanga Chomharthaíochta nuair a bhíonn gá leo. Cuirtear gach folúntas ar shuíomh gréasáin FÁS.

Soláthraíonn Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas trealamh speisialtóireachta ríomhaireachta, nuair is gá, chun cabhrú le baill den fhoireann atá faoi mhíchumas.

Soláthraítear traenáil feasachta míchumais don fhoireann go léir sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

Soláthraíonn Bord Eolais na Saoránach (BES) cúntóir pearsanta lánaimseartha do bhall den fhoireann atá faoi mhíchumas gluaiseachta. Tá lánrochtain ar a n-oifigí. Seiceáiltear gach ionad seachtrach ina gcuirtear teagmhais de chuid Bhoird Eolais na Saoránach ar siúl lena chinntiú go mbíonn siad inrochtana. Cuirtear stáisiúin oibre in oiriúint (m.sh. soláthraítear gléasanna speisialtóireachta cinn, troscán saincheaptha oifige, formheadú scáileáin RP).

Earcú agus Coinneáil

Tá comórtas ag Údarás Áitiúla Chill Dara d'Oifigigh Chléireachais, atá teoranta d'iarrthóirí atá cláraithe nó incháilithe le bheith cláraithe le FÁS mar dhaoine atá faoi mhíchumas, a chuirtear ar siúl ar bhonn rialta.

Cuireann Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas comórtas d'Oifigigh Chléireachais ar siúl ar bhonn rialta a bhíonn teoranta d'iarrthóirí atá cláraithe nó incháilithe le bheith cláraithe le FÁS mar dhaoine atá faoi mhíchumas. Ina theannta sin, fiafraítear d'iarratasóirí, ar gach post, nuair a thugtar cuireadh dóibh freastal ar agallamh, an bhfuil aon socrú ar leith de dhíth orthu.

I gCiarraí, bíonn polasaithe ar earcaíocht, ar fhorbairt agus ar choinneáil príomhshruthaithe den chuid is mó. Tá soláthar i bpolasaí coinneála foirne do chomhairliúchán agus do mheasúnú, nuair is gá, le cur ar chumas an fhostaí fanacht ag obair.

Tá polasaí ag Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas, nuair is féidir é, baill den fhoireann a thagann faoi mhíchumas agus nach féidir leo leanúint orthu sa phost a bhí acu ar dtús a atraenáil m.sh. d'atraenáladh oibrí ginearálta chun dualgais chléireachais a chomhlíonadh.

Tá foirm iarratais nuadheartha ag BES a cheadaíonn d'iarrthóirí atá faoi mhíchumas aon riachtanais speisialta atá acu a chur in iúl.

Bíonn gach ionad agallaimh go hiomlán inrochtana agus soláthraítear closlúba.

Tá éascú déanta ag BES ar thógáil saoire speisialta agus ar uaireanta oibre a laghdú chun freastal ar bhaill den fhoireann a bhraith gur ghá dóibh athrú a dhéanamh ar a bpatrúin oibre de dheascadh mhíchumais a bhain díobh. Nuair a bhíonn ball nua den fhoireann faoi mhíchumas nó nuair a bhaineann míchumas de bhall den fhoireann, agus tar éis plé a dhéanamh leis an mball den fhoireann agus lena mbainisteoir líne faoin ngá atá le measúnú, cinntíonn an BES go ndéantar measúnú tráthúil chun gach beartas réasúnta agus praiticiúil a bhaineann le hábhar a aithint. Cuirtear na beartais a mholtar i bhfeidhm agus déantar athbhreithniú rialta ar na beartais seo lena chinntiú go bhfuil siad oiriúnach do riachtanais an duine sin agus, nuair is gá é, déantar measúnaithe eile fós.

In 2006, chuir BES Clár Leasa Fostaí (CLF) i bhfeidhm chun cúnaimh a thabhairt don fhoireann déileáil le fadhbanna pearsanta nuair a bhíonn tionchar acu ar fheidhmíocht a gcuid oibre nó ar a bhfreastal. Is í aidhm na seirbhíse ná cabrú le fostaithe agus is ar bhonn deonach a bhíonn daoine rannpháirtíocht inti. Tá an CLF ar fáil do gach fostaí, beag beann ar sheirbhís nó ar stádas fostaíochta.

Aguisín 1

Sprioc fostaíochta 3% - sonraí 2006

Réamhrá

Tá an tAguisín seo roinnte ina dhá chuid. I gCuid 1 tugtar táblaí sonraí 3% maidir le Ranna indibhidiúla Rialtais agus Comhlachtaí Poiblí do 2006. Tá na Comhlachtaí Poiblí liostáilte in ord aibítire de réir a Ranna Rialtais. I gCuid 2, tugtar táblaí ginearálaithe agus tráchttaireacht maidir leis na sonraí 3% a fuarthas. Ní mór caitheamh go haireach leis na figiúirí a chuirtear i láthair san Aguisín seo. Tá seo amhlaidh de bharr roinnt toscaí atá pléite sa phríomhthuarascáil; is é sin gur úsáideadh modhanna éagsúla (suirbhé, scrúdú ar thaifid AD, nó meascán den dá cheann) chun na sonraí 3% a bhailiú, an sainmhíniú nua agus níos srianta ar mhíchumas, agus an dearcadh a léirigh na Coistí Monatóireachta gur déanadh ganntuairisciú ar fhostaithe a bhí faoi mhíchumas.

Cuid 1 – Ranna Indibhidiúla Rialtais agus Comhlachtaí Poiblí

Tá dhá thábla de sprioc fostaíochta 3% shonraí 2006 sa chuid seo den tuarascáil. Soláthraíonn Tábla 1.1 eolas ar mhéid gach ceann de na 15 Ranna Rialtais, cibé acu ar déanadh nó nár déanadh suirbhé ar fhostaithe le stádas míchumais na bhfostaithe a bhaint amach, an ráta freagartha má déanadh an suirbhé, an céatadán de fhreagróirí an tsuirbhé a bhí faoi mhíchumas, líon na bhfostaithe atá faoi mhíchumas, agus i ndeireadh na dála, líon na bhfostaithe, do gach Roinn, atá faoi mhíchumas mar chéatadán de líon iomlán na bhfostaithe. Tá tráchttaireacht ghearr in éineacht le Tábla 1.1. Tá eolas maidir le Comhlachtaí Poiblí leagtha amach i dTábla 1.2.

Ranna Rialtais

A bhaint amach an sprioc³ fostaíochta 3%

Tá méideanna éagsúla i Ranna Rialtais na hÉireann ó 210 fostaí i Roinn an Taoisigh go beagnach 5,000 sa Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (4,802) (Tábla 1.1). Is é líon iomlán na bhfostaithe a tuairiscíodh ar fud na Ranna ar fad ná 20,554. Díobh seo léiríodh go raibh íosmhéid 492 faoi mhíchumas faoi mar atá sainmhínithe in Acht Míchumais 2005. Is ionann seo agus íosmhéid 2.4% den ráta fostaíochta. Mar sin féin faoi mar a dúradh roimhe seo, ní mór a bheith aireach sa chaitheamh a dhéantar leis na sonraí seo. Rinne gach Roinn Rialtais suirbhé deonach chun a sonraí 3% a bhaint amach. Faoi mar atá le feiceáil i dTábla 1.1, bhí na rátaí freagartha ar an suirbhé níos lú ná 100% i ngach cás. In a lán cásanna, bhí na rátaí freagartha níos lú ná 50% le mheán de 45%. Cruthaíonn seo deacracht maidir lena dhéanamh amach go cruinn an bhfuil géilliúntas don sprioc 3% bainte amach. Dob fhéidir féachaint ar an bhfigiúr foriomlán de 2.4% thuas mar íosfhiúir de líon na ndaoine atá faoi mhíchumas atá fostaíthe ar fud na Ranna ar fad Rialtais.

Agus aird á thabhairt ar an nóta foláirimh thuas, tugann na sonraí a fuarthas maidir le gach ceann de na 15 Ranna Rialtais le fios gur bhain 4 Roinn amach an sprioc 3% fostaíochta nó gur éirigh leo dul thairis. Bhain Roinn an Taoisigh 7.1% amach, agus Bhain An Roinn

2. Mar a luadh cheana féin (Formáid tuarascála, lch. 11) do na heagraíochtaí sin a bhain úsáid as suirbhé i mbailiú a gcuid sonraí, tá dhá thacar de chéatadán á gcur i láthair san Aguisín seo i dtéarmaí sprioc fostaíochta 3% a bhaint amach. I dTáblaí 1.1 agus 1.2, lipéadtar na céatadán **Líon na bhfostaithe atá faoi mhíchumas mar % de líon iomlán rannpháirtithe an tsuirbhé** (4ú colún sonraí) agus **Líon na bhfostaithe atá faoi mhíchumas mar % de líon iomlán na bhfostaithe** (6ú colún sonraí). Is don chéatadán i gColún Sonraí 6 atá i gceist leis na tagairtí sa téacs ar fud an Aguisín seo mura ndeirtear a mhalairt. Is féidir an céatadán a thuiscint mar íoschion na foirne faoi mhíchumas sna heagraíochtaí. Baineann Colún Sonraí 4 le rannpháirtithe an tsuirbhé amháin agus ní féidir aon tátail a bhaint maidir le stádas míchumais iad sin nár fhreagair don suirbhé. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara chomh maith, de na heagraíochtaí a rinne suirbhé, gur chuimsigh cuid díobh torthaí na suirbhéireachta ar bhail dá bhfoirne faoi mhíchumas le sonraí óna dtaifid AD, agus rinne cuid eile díobh neamhshuim de shonraí na suirbhéireachta agus níor úsáid siad ach sonraí AD mar gheall ar cheisteanna a bhí orthu maidir lena sonraí suirbhéireachta.

Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, An Roinn Dlí agus Cirt Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, agus An Roinn Iompar 3.1% amach. Tugtar le fios gur bhain 9 Roinn eile Rialtais íosmhéid ráta fostaíochta idir 2% agus 3% amach do dhaoine atá faoi mhíchumas, le beagán acu seo díreach faoi bhun na sprice de 3% - An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta 2.9%, An Roinn Cosanta 2.8% agus an Roinn Sláinte agus Leanaí 2.7%.

Tugann na sonraí a fuarthas le fios gur thit 3 Roinn Rialtais faoi bhun an ráta 2% fostaíochta do dhaoine atá faoi mhíchumas. Léirigh sonraí don Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ráta fostaíochta de 1.9%, agus ráta de 1.7% ag An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta agus bhí an ráta fostaíochta sa Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais ag 1.0%. Arís tá sé tábhachtach a chuimhneamh go mb'fhéidir nach dtugann na sonraí seo pictiúr cruinn, de dheasca ceisteanna a bhaineann le bailiú na sonraí sin, den ráta fostaíochta sna Ranna Rialtais do dhaoine atá faoi mhíchumas, agus go háirithe is íosfhigiúir iad seo a léiríonn fad áirithe ráta fíoriseal na freagrachta ar an tsuirbhé.

